Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11116/26**

**ECOFIN 906**
**UEM 310**
**SOC 435**
**EMPL 237**
**COMPET 850**
**ENV 826**
**EDUC 292**
**ENER 448**
**JAI 886**
**GENDER 123**
**JEUN 166**
**SAN 524**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Danmhairge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 204 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Danmhairge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Danmhairg ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Danmhairg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Danmhairg ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Danmhairg. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Danmhairge ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Danmhairge[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus socraítear srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 5,0 % in 2025, 5,7 % in 2026, 3,8 % in 2027 agus 2,9 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 12,6 % in 2025, 18,9 % in 2026, 23,5 % in 2027 agus 27,1 % in 2028.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Danmhairg, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Danmhairg imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[6]. Le linn thréimhse gníomhachtaithe an chlásail éalaithe náisiúnta (2025-2028), féadfaidh an Danmhairg tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

---

[4] Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Danmhairge (IO C, C/2025/654, 10 02 2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/654/oj).

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19 3 2025, C(2025) 2000 final.

[6] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Danmhairg imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3963, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3963/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026 chuir an Danmhairg isteach a Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh.

(9) In 2025, ba é 2,9 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 1,8 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,9 % in 2026 1,8 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 1,8 % ann in 2026 agus 1,9 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig laghdú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Danmhairge ó bharrachas 4,5 % de OTI in 2024 go barrachas 2,9 % de OTI in 2025. Léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2025 caiteachas méadaithe ar an gcosaint den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún barrachas 0,9 % de OTI in 2026 agus 0,5 % de OTI in 2027. Léiríonn an laghdú ar bharrachas 2026 caiteachas méadaithe den chuid is mó, go háirithe ar an gcosaint, chomh maith le roinnt beart ioncaim.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[9], tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta ó 30,5 % de OTI ag deireadh 2024 go 27,9 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 27,0 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 26,2 % faoi dheireadh 2027.

[7] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.
[8] Táscairí Eurostat-Euro, 22 04 2026.
[9] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(12) Ar bhonn shonraí Eurostat[10], 2,2 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Danmhairge ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,0 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 2,6 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[11].

(13) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, níl bearta beartais fhioscaigh nua glactha ag an Danmhairg chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[12].

(14) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas sa Danmhairg faoi 7,3 % in 2025 agus is fás carnach 10,9 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,0 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh[13].

---

10 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

11 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

12 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

13 Ós rud é go dtairbhíonn an Danmhairg de sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta, sa mheasúnú ar chomhlíontacht ar an dírítear ar an gcomparáid le haghaidh 2024 agus 2025.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Danmhairg faoi 6,7 % in 2026 agus gur fás carnach 18,3 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,4 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh[14].

(16) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, is den ríthábhacht í i gcónaí má táthar le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(17) Sa Danmhairg, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar an meánluas cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Danmhairg ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Danmhairg ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[15], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

---

14 Ós rud é go dtairbhíonn an Danmhairg de sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta, sa mheasúnú ar chomhlíontacht ar an dírítear ar an gcomparáid le haghaidh 2024 agus 2025.

15 Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(18) Tá roinnt dúshlán roimh an Danmhairg a bhaineann leis an nuálaíocht agus an táirgiúlacht, an t-aistriú fuinnimh, an talmhaíocht inbhuanaithe, an geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola, scileanna agus tithíocht.

(19) Tá méadú táirgiúlachta fós comhchruinnithe i líon beag gnólachtaí móra, agus tá bacainní fós roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) maidir leis an nuálaíocht agus maidir le teicneolaíochtaí nua a ghlacadh, go háirithe i réigiúin lasmuigh den Réigiún Príomhchathrach, rud a léiríonn scaipeadh teoranta nuálaíochta i measc FBManna. Tá dul chun cinn déanta ag an Danmhairg maidir leis an nuálaíocht a chothú le comhaontuithe polaitiúla maidir le cistiú ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta agus maidir le haistrithe eolais agus teicneolaíochta ó ollscoileanna go gnólachtaí a neartú. Mar sin féin, cé go bhfuil na bearta beartais a rinneadh le déanaí dearfach, níl siad ag dul i ngleic go hiomlán le laigí sonracha an chórais nuálaíochta. Dá neartófaí rochtain ar ionstraimí tacaíochta nuálaíochta atá níos spriocdhírithe agus níos cuíchóirithe, dá laghdófaí ilroinnt agus an t-ualach riaracháin, dá bhfeabhsófaí scaipeadh eolais idir institiúidí taighde agus gnólachtaí, agus dá bhfeabhsófaí an creat náisiúnta soláthair nuálaíochta, chuideofaí le FBManna réitigh cheannródaíocha a chomhtháthú agus páirt níos gníomhaí a ghlacadh in éiceachórais taighde agus nuálaíochta.

(20) Tá rochtain ar mhaoiniú uas-scálaithe ríthábhachtach chun tacú le fás gnólachtaí nuálacha agus leis an méid a chuireann siad le táirgiúlacht agus dinimiceas eacnamaíoch. D’ainneoin margadh cothromais suntasach, tá an líon tairiscintí tosaigh don phobal íseal, agus tá líon beag cuideachtaí móra i gceannas ar an margadh. An tráth céanna, tá gníomhaíocht caipitil fiontair fós cobhsaí den chuid is mó le blianta beaga anuas agus tá roinnt cuideachtaí de chuid na Danmhairge ag lorg caipiteal uas-scálaithe trí athlonnú chuig margaí idirnáisiúnta níos mó ina bhfuil comhthiomsuithe caipitil níos doimhne agus creataí tacaíochta níos mó chun uas-scálú a dhéanamh. Léiríonn siad sin go bhfuil deis ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chothromas ag céim an fháis agus feabhas a chur ar dhálaí le haghaidh tairiscintí tosaigh don phobal sa Danmhairg chun caipiteal a fháil le haghaidh leathnú, idirnáisiúnú agus nuálaíocht gnólachtaí dinimiciúla áitiúla. Dá ndéanfaí coigilteas teaghlaigh agus institiúideach a shlógadh níos mó in infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar laigí a bhaineann le cuntais infheistíochta agus choigiltis na Danmhairge, chuideofaí le margaí caipitil intíre a dhoimhniú a thuilleadh agus le soláthar maoinithe fhadtéarmaigh a mhéadú.

(21) In 2025, tháinig 92,4 % de ghlanghiniúint leictreachais na Danmhairge ó fhoinsí in-athnuaite, arbh é an céatadán ab airde san Aontas an bhliain sin, chomh maith leis an gcéatadán ab airde i stair na Danmhairge. Tar éis roinnt céimeanna ar gcúl ina phlean forbartha gaoithe amach ón gcósta, fógraíodh tairiscintí nua d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ag deireadh 2025, lenar cuireadh tacaíocht stáit ar fáil d'fhorbróirí ionchasacha faoi shamhail conartha difríochta dhá threo. Bhain an Danmhairg úsáid as Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CSCCTG). Glacadh bearta breise chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite intíre nó fógraíodh go hinchreidte iad in 2025, lena n-áirítear mar fhreagairt ar na moltaí ón bhFoireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh (NEKST).

(22) Mar gheall ar chion ard na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán giniúna leictreachais na Danmhairge, d'fhéadfadh leictriú breise ar fud na n-earnálacha a bheith ina uirlis chumhachtach dícharbónaithe agus inacmhainneachta fuinnimh, go háirithe i gcomhthéacs margaí luaineacha breoslaí iontaise. Glacadh céim mhór an 1 Eanáir 2026 nuair a laghdaíodh an cháin leictreachais do theaghlaigh ó 72,7 øre go 0,8 øre in aghaidh na cileavatuaire. Is díol sásaimh í an fhorbairt sin freisin ó thaobh na hinacmhainneachta fuinnimh de, ós rud é go raibh billí leictreachais theaghlaigh na Danmhairge in 2025 ar na billí leictreachais is airde san Aontas, mar gheall ar chánachas den chuid is mó. Mar sin féin, níl sa laghdú ar an gcáin leictreachais do theaghlaigh ach laghdú sealadach (ar feadh 2 bhliain). I gcás tomhaltóirí tionsclaíocha, tá cánacha leictreachais in-aisghabhála den chuid is mó cheana féin. Chun a hacmhainneacht iomlán a bhaint amach, bhainfeadh an Danmhairg tairbhe as leictriú breise a chur chun cinn, lena n-áirítear trí straitéis chuimsitheach leictriúcháin a ghlacadh ina leagfaí amach bearta níos struchtúrtha agus spriocanna earnála atá faoi cheangal ama.

(23) D’ainneoin infheistíochtaí móra san eangach leictreachais le blianta beaga anuas, tá acmhainneacht eangaí na Danmhairge ídithe mar gheall ar éileamh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar naisc nua, go háirithe mar gheall ar lárionaid sonraí, tionscadail ‘Cumhacht a thiontú go X’ agus córais stórála fuinnimh ceallraí. Leis sin, cuireadh iallach ar an oibreoir córais tarchurtha leictreachais náisiúnta tabhairt i gcrích comhaontuithe nua maidir le nascadh leis an eangach a chur ar fionraí go sealadach (go dtí an 3 Meitheamh) agus síneadh a chur le hamanna próiseála le haghaidh tionscadal sna céimeanna scagtha agus aibíochta. Cé go bhfuil roinnt beart curtha chun feidhme nó fógra inchreidte tugtha ina leith chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin agus chun dlús a chur le leathnú an ghréasáin, is dócha go bhfanfaidh acmhainneacht na heangaí gann sa mheántéarma. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh an Danmhairg gníomhú chun meán-amanna próiseála a laghdú le haghaidh gníomhaireachtaí inniúla formheasanna comhshaoil a thabhairt, lena n-áirítear trí leibhéil foirne leordhóthanacha a áirithiú. D’fhéadfadh an Danmhairg breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta chun bainistiú scuainí le haghaidh na heangaí agus solúbthacht na heangaí a fheabhsú a thuilleadh, d’fhonn an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar eangaí atá ann cheana. Thairis sin, tá tomhaltóirí leictreachais na Danmhairge fós neamhchosanta ar phraghsanna luaineacha trí phraghsanna arda tobanna le linn tréimhsí aschuir ísil foinsí in-athnuaite, nuair is dóchúla gurb é giniúint chostasach breoslaí iontaise a shocróidh praghsanna imeallacha, rud a léiríonn an tábhacht leanúnach a bhaineann le réitigh sholúbthachta neamh-iontaise, amhail stóráil fuinnimh agus uirlisí freagartha ar éileamh, chun soláthar agus éileamh a chothromú ar fud na n-amscálaí ábhartha uile agus chun solúbthacht fhoriomlán an chórais a fheabhsú.

(24) Is í an earnáil talmhaíochta príomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa na Danmhairge a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill[16]. Tá dianchleachtais talmhaíochta ina gcúis le láisteadh cothaitheach iomarcach agus le rith chun srutha ó pháirceanna, agus iarmhairtí tromchúiseacha acu ar shláinte ithreach, ar an dúlra agus ar éiceachórais uisceacha agus mhuirí. Tá sé ríthábhachtach an earnáil agraibhia a dhéanamh níos inbhuanaithe chun cuspóirí aeráide a bhaint amach agus chun rathúnas inbhuanaithe a áirithiú. Is é an comhaontú polaitiúil maidir leis an 'Danmhairg Ghlas', ar thángthas air an 18 Samhain 2024, an príomhchreat beartais náisiúnta lena dtreoraítear iarrachtaí sa réimse sin i gcónaí. In 2025, ghlac gach ceann de na 23 chumraíocht thrípháirteacha áitiúla a bunaíodh faoin gcomhaontú plean chun limistéir thalmhaíochta a thiontú ina limistéir dhúlra. Thairis sin, thángthas ar chomhaontú maidir le rialachán nua maidir le nítrigin, ina sonraítear, ó 2027 ar aghaidh, go leithdháilfear cuótaí sceite nítrigine caidhpeáilte ar fheirmeoirí ar fud na tíre. Meastar go laghdóidh an cur chuige nua sin astaíochtaí nítrigine faoi 7 900 tona. Agus na céimeanna dearfacha sin mar dhúshraith, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na bearta a comhaontaíodh a chur chun feidhme go pras chun a áirithiú go gcomhlíonfar na spriocanna aeráide agus comhshaoil a leagtar amach sa chomhaontú maidir leis an 'Danmhairg Ghlas' faoi 2030. Thairbheodh an Danmhairg freisin de shineirgí a fhiosrú leis na gníomhaíochtaí atá le cur san áireamh sa ghníomh náisiúnta maidir leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht, agus le roinnt oibleagáidí sa phlean athchóirithe dúlra.

---

16 Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1−14), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/857/oj).

(25) D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí, tá dúshláin fós le sárú ag an Danmhairg maidir le haistriú chuig geilleagar ciorclach níos láidre agus feabhas a chur ar a beartais bainistithe dramhaíola. Tá geilleagar na Danmhairge fós ag brath go mór ar acmhainní príomhúla agus ar ábhair allmhairithe. De réir na sonraí is déanaí ó Eurostat, tá an Danmhairg i measc na dtíortha san Aontas lena mbaineann na méideanna is airde dramhaíola bia (2023), dramhaíola cathrach (2024), agus dramhaíola ó phacáistíocht (2023) in aghaidh an duine[17]. Chomh maith leis sin, bíonn an Danmhairg ag loscadh (aisghabháil fuinnimh) an mhéid is airde dramhaíola cathrach in aghaidh an duine san Aontas, tá an ráta úsáide ábhair chiorclaigh fós faoi bhun mheán an Aontais, agus níl aon treocht shoiléir in airde ann maidir le sciar na dramhaíola cathrach a dhéantar a athchúrsáil. Is céimeanna dearfacha iad córas bailithe ar leithligh a bhunú le haghaidh na sruthanna dramhaíola uile i bhformhór na mbardas, rialacha níos déine maidir le bainistiú dramhaíola tráchtála, athchóirithe chun an margadh loiscthe dramhaíola a léirscaoileadh, agus scéim nua Freagrachta Leathnaithe Táirgeora le haghaidh pacáistíochta ach tá gá le gníomhaíocht bhreise chun dramhaíl chathrach agus dramhaíl ó phacáistíocht a chosc, chun athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola cathrach a mhéadú, agus chun gan dramhaíl chathrach in-athúsáidte agus in-athchúrsáilte a chur i dtreo an loiscthe. Leis an athmheasúnú agus an t-athbhreithniú atá ar na bacáin ar an bplean gníomhaíochta náisiúnta don gheilleagar ciorclach, tá an deis ann tionscnaimh nua a shainaithint. D'fhéadfaí a áireamh leis sin dreasachtaí le haghaidh pacáistíocht agus dearadh táirgí níos ciorclaí agus le haghaidh úsáid mhéadaithe ábhar tánaisteach.

(26) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Danmhairg in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

[17] Níl sonraí 2024 maidir le dramhaíl chathrach tuairiscithe ag seacht mBallstát agus níl sonraí 2023 maidir le dramhaíl ó phacáistíocht tuairiscithe ag ceithre Bhallstát sonraí.

(27) Tá margadh saothair na Danmhairge fós docht, i bhfianaise na bhfigiúirí dífhostaíochta ísle agus an lucht saothair atá ag dul i méid; mar sin féin, is féidir claonadh beag i dtreo dífhostaíocht níos airde a thabhairt faoi deara. Tagann an líon méadaitheach oibrithe den chuid is mó ó lucht saothair eachtrach, oibrithe níos sine agus oibrithe an-óg; an tráth céanna, d'fhéadfadh ganntanais agus neamhréireanna scileanna bac a chur ar an bhfostaíocht agus ar an bhfás. Tá ganntanas oibrithe oilte forleathan i ngairmeacha áirithe sláinte agus cúraim, ach tá sé níos suntasaí fós in earnálacha a thacaíonn leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Maidir leis an aistriú digiteach, baineann sé sin go háirithe le gairmithe TFC, ach baineann sé freisin le scileanna digiteacha a bheith ag teastáil ar fud fhormhór na n-earnálacha. Maidir leis an aistriú glas, baineann sé leis an tionscal tógála agus innealtóireachta sibhialta i gcoitinne, lena n-áirítear na scileanna is gá chun tithe a thógáil agus a athchóiriú i.e. téamh, insliú etc., ach maidir le tionscadail fuinnimh ar mhórscála a thógáil freisin. Cé go bhfuil bearta áirithe déanta trí athchóirithe chun glacadh ábhartha mac léinn nua i ngairmscoileanna a áirithiú, cuireann an líon ard luathfhágálaithe scoile, líon atá ag dul i méid, leis an líon daoine ar dócha nach mbeidh bunscileanna acu. Déantar an ganntanas scileanna níos measa fós mar gheall ar éagothromaíochtaí gnóthachtála leanúnacha san oideachas agus san oiliúint ar an leibhéal réigiúnach mar is léir ó na torthaí a fhaightear sna scrúduithe deiridh ag deireadh an scolaíochta éigeantaí, go háirithe maidir le litearthacht agus uimhearthacht. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Danmhairg freisin líon níos mó múinteoirí cáilithe a mhealladh chuig bunscoileanna bardasacha agus meánscoileanna íochtaracha (*folkeskole*).

(28) Cé go bhfuil bearta déanta ag an Danmhairg chun inacmhainneacht a chothú trí thithíocht neamhbhrabúsach, ní mór an tógáil fhoriomlán tithíochta a mhéadú chun freastal ar an éileamh ard, go háirithe i réimse na Príomhchathrach. Mar thoradh ar phraghsanna arda na tithíochta úinéir-áitithe, amanna feithimh fada le haghaidh tithíocht neamhbhrabúsach agus nósanna imeachta casta pleanála agus rialacha casta maidir le húsáid talún le haghaidh tógálacha nua, tá ganntanais leanúnacha teaghaisí atá inacmhainne do theaghlaigh ar ioncam níos ísle ann. Mar thoradh air sin go páirteach, bíonn teaghlaigh ar ioncam íseal, saothraithe aonair agus mórán daoine óga atá ina gcónaí ina n-aonar, bíonn siad thíos le costais arda tithíochta i gcoibhneas lena n-ioncam. D’fhonn an soláthar tithíochta ar praghsanna níos ísle a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, inacmhainneacht a áirithiú do theaghlaigh ar ioncam íseal, na bearta a rinneadh cheana chun na huasteorainneacha praghsanna maidir le tógáil tithíochta neamhbhrabúis a ailíniú ar bhealach níos fearr le praghsanna margaidh, is den tábhacht é go ndéanfar forlíonadh orthu trí ghníomhaíocht chun an tógáil tithíochta a chothú ar bhonn níos ginearálta, go háirithe trí nósanna imeachta pleanála a shimpliú agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha pleanála úsáide talún.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Danmhairg in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtaigh an Chomhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Tacú le FBManna nuálaíocht a dhéanamh agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh trí fheabhas a chur ar an rochtain ar ionstraimí maoinithe nuálaíochta, trí scaipeadh eolais a chur chun cinn agus tríd an gcreat náisiúnta soláthair nuálaíochta a neartú. Feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú uas-scálaithe trí chothromas fáis agus trí mhargaí cothromais phoiblí, agus coigilteas intíre a shlógadh a thuilleadh trí infheistíocht chothromais teaghlaigh agus institiúideach.

4. Dlús a chur le luas an leictrithe. Tacú leis na huasghráduithe is gá ar an ngréasán leictreachais ar leibhéal an tarchuir agus an dáileacháin agus le barrfheabhsú an bhonneagair atá ann cheana. Freagairt éilimh, stóráil fuinnimh, agus réitigh sholúbthachta neamhiontaise eile a chur chun cinn. Leanúint de bhearta a chur chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar dhéine na ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus feirmeoireachta. An geilleagar ciorclach agus beartais bainistithe dramhaíola a neartú trí chosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola cathrach agus dramhaíola eile a chur chun cinn a thuilleadh.

5. Aghaidh a thabhairt ar na ganntanais scileanna chun freastal ar riachtanais an mhargadh saothair. Dlús a chur le gníomhaíocht chun bunscileanna a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar éagothromachtaí gnóthachtála san oideachas agus san oiliúint, dul i ngleic le ganntanais múinteoirí cáilithe, agus aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile.

6. An soláthar tithíochta a mhéadú, go háirithe i gcathracha móra, trí nósanna imeachta pleanála a shimpliú agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha pleanála maidir le húsáid talún chun tógáil teaghaisí nua a éascú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*